An Béal Bocht agus At Swim Two Birds: diptic théamach

Mac Cathmhaoil, N. (2019). An Béal Bocht agus At Swim Two Birds: diptic théamach. In F. de Brún, & A. Mag Shamhráin (Eds.), *Ón nGruagach Gréagach go dtí Myles na gCopaleen: saol agus saothar Mhuintir Nualláin: Léachtaí Cholm Cille XLIX* (Vol. XLIX, pp. 80-97). [4] Maigh Nuad: An Sagart.

Link to publication record in Ulster University Research Portal

Published in:
Ón nGruagach Gréagach go dtí Myles na gCopaleen: saol agus saothar Mhuintir Nualláin

Publication Status:
Published (in print/issue): 26/04/2019

Document Version
Publisher's PDF, also known as Version of record

General rights
Copyright for the publications made accessible via Ulster University's Research Portal is retained by the author(s) and / or other copyright owners and it is a condition of accessing these publications that users recognise and abide by the legal requirements associated with these rights.

Take down policy
The Research Portal is Ulster University's institutional repository that provides access to Ulster's research outputs. Every effort has been made to ensure that content in the Research Portal does not infringe any person's rights, or applicable UK laws. If you discover content in the Research Portal that you believe breaches copyright or violates any law, please contact pure-support@ulster.ac.uk.

Download date: 29/01/2023

Léachtaí Cholm Cille XLIX

An Chéad Chló 2019

© Na hÚdair 2019

ISBN: 1-903896-??-?

Foilsíodh le cabhair airgid ó Fhoras na Gaeilge

Foras na Gaeilge

Tá ár mbuíochas tuillte ag Caroline Long a rinne an clóchur
agus ag Foras na Gaeilge as a gcuid tacaíochta.

ÓN NGRUAGACH GRÉAGACH

GO MYLES NA GCOPALEEN

SAOL AGUS SAOTHAR MHUINTIR NUALLÁIN

Léachtaí Cholm Cille XLIX

in eagar ag

FIONNTÁN DE BRÚN

ANTAIN MAG SHAMHRÁIN

An Sagart
Maigh Nuad
2019

CLÁR

Eagarfhocal…….. iii

An té a bhíonn ag gáire, bíonn a leath faoi fhéin:
An tAthair Peadar, An tAthair Gearóid agus Brian
Ó Nualláin
Louis de Paor……..…… 1

An Gruagach Gréagach: Gearóid Ó Nualláin, *Beatha Dhuine a Thoil* agus *An Béal Bocht*
Fionntán de Brún……..…..…….. 29

Michael Victor Nolan: a shaol sular phós
Brian Ó Conchubhair……...……57

An Béal Bocht agus *At Swim-Two-Birds*: diptic théamach
Nioclás Mac Cathmhaoil…….…… 81

Ciarán Ó Nualláin: gnaithe lorgaireachta agus lorg na muintire
Ian Ó Caoimh……..… 99

Scéalta bleachtaireachta Chiaráin Uí Nualláin: cúlra agus comhthéacs
Aisling Ní Dhonnchadha……....…… 133

Caoimh(gh)in Ó Nualláin/ Kevin O'Nolan/ 'Lughaidh Mac Feorais': fear léinn, fear eagair agus fear litríochta
Brian Ó Catháin……. 187

Na Léachtóirí……..….. 265

AN BÉAL BOCHT AGUS *AT SWIM TWO BIRDS*: DIPTIC THÉAMACH

NIOCLÁS MAC CATHMHAOIL

Foilsíodh *At Swim-Two-Birds* (*ASTB*) sa bhliain 1939, agus *An Béal Bocht* (*BB*) dhá bhliain ina dhiaidh sin. Is iad an dá shaothar sin agus *The Third Policeman* (*TTP*), a foilsíodh sa bhliain 1967 (ach a scríobhadh i dtús idir 1939–40) na trí úrscéal is mó le rá ag Brian Ó Nualláin. Ba é *ASTB* a thuill clú idirnáisiúnta don Nuallánach, go háirithe nuair a foilsíodh den dara huair é i 1961. Tá glacadh leis sa lá atá inniu ann mar cheann de na húrscéalta is tábhachtaí a scríobhadh in Éirinn san aois seo a chuaigh thart, agus mar cheann de na húrscéalta iar-nua-aimseartha is suntasaí dá bhfuil ann i dteanga ar bith. Is mar thoradh ar an chlú seo atá corpas téagartha critice againn anois ina bpléitear le *ASTB*, ach ní fhéadfaí an rud céanna a mhaíomh faoi *BB*. Ní raibh *BB* ar fáil i mBéarla go dtí go ndearnadh aistriúchán air sa bhliain 1973 faoin teideal *The Poor Mouth*. Ag éirí as sin is lú an méid ama a fágadh ag lucht critice an Bhéarla a bheith ag cogaint ar *BB*. Sin ráite, is lú i bhfad an méid atá scríofa air san iomlán i gcomparáid le *ASTB*.

Dá fheabhas é aistriúchán Patrick Power ar *BB* níl ann, i ndeireadh an tsaoil, ach aistriúchán, agus fágann sin gur scéal scéil an saothar sin don an té nach bhfuil Gaeilge aige.

Fiú le linn Bhriain Uí Nualláin, bhí barúil ann i measc *intelligentsia* na litríochta Angla-Éireannaí gur 'in-joke' do Ghaeilgeoirí a bhí ann. I léirmheas amháin ar a shaothar in *The Bell*, scríobhadh: 'He has also written … a book in Irish, *An Beal Bocht*, a parody on Gaelic autobiographies, which is so neat that it is occasionally as dull as the originals' (Hogan 1946: 130). Léiríonn an ráiteas seo barúil choiteann ag lucht critice an Bhéarla faoi *BB* – gur saothar ar leith é a bhaineann go heisiach le traidisiún na Gaeilge, rud a d'fhágfadh scartha é ón chuid eile de shaothar Bhriain Uí Nualláin. Ag éirí as sin, is beag saothar critice ina ndéantar iarracht *BB* a shuí i gcomhthéacs leathan shaothar Uí Nualláin ina iomláine. Fágann an leithcheal seo uireasa sa léirmhíniú atá ar fáil dúinn ar áit *BB* i saothar Bhriain Uí Nualláin trí chéile agus ar *oeuvre* cruthaitheach an Nuallánaigh ina iomláine.

Is é atá romham a dhéanamh anseo, mar sin, ná cuid den bhearna seo a líonadh trí phlé a dhéanamh ar *ASTB* agus *BB* i bhfianaise a chéile mar a bheadh diptic ann. D'fhéadfaí an dá leabhar a chur i gcomparáid le chéile céim ar chéim agus na cosúlachtaí eatarthu a liostú go tomhaiste, ach is dócha go bhfágfadh a leithéid de chur chuige blas iontach tur ar an pháipéar seo, agus ní dócha go n-inseodh a leithéid mórán dúinn faoi na ceisteanna ealaíne ba chás le Ó Nualláin sa tréimhse sin ina shaol inar scríobh sé *ASTB* agus *BB*. Is plé a bheas anseo ar chomhthéamaí móra, nó ar chomh-chroíghnéithe an dá úrscéal.

Ceann de na comh-chroíghnéithe seo ná an cur-as-riocht. Tá sé seo ina shainghné de shaothar Uí Nualláin, agus is féidir é a áithint in achan leabhar leis – i bhféith na háiféise go sonrach sna saothair mhalla sin *The Hard Life* (1961) agus *The Dalkey Archive* (1964), agus ar leibhéal na hointeolaíochta in *The Third Policeman*, mar a mbíonn an t-údar ag plé leis an 'borderland between reality and fiction' (Hopper 1995: 110). Is iad *BB* agus *ASTB* an dá leabhar is mó i saothar Uí Nualláin, áfach, a chuireann coinbhinsiúin an úrscéil de dhroim seoil. Is úrscéal taobh istigh d'úrscéal taobh istigh d'úrscéal é *ASTB* agus is scéal bunaithe ar scéalta eile é *BB* ina bhfuil an scéal céanna á insint arís agus arís eile.

Meitificsean a thugtar ar an chur chuige seo ina ndíríonn an t-údar aird an léitheora ar shaorgacht na foirme liteartha. Ar an bhealach chéanna ar bhain sé úsáid as na hainmneacha cleite éagsúla lena phearsa féin a scoitheadh óna chuid foilseachán, d'fhéadfaí breathnú ar an chur chuige mheitificseanúil mar chleas nó mar chiúta lena phearsa féin a scaradh, ar bhealach, ón táirgeadh liteartha. Maidir leis an scaradh seo, cuimhnímis ar an ráiteas ag tús *ASTB*: 'All the characters represented in this book, including the first person singular, are entirely fictitious and bear no relation to any person living or dead'(*ASTB*, 6) agus cuimhnímis air fosta gur 'Drochscéal ar an drochshaol *curtha in eagar* le Myles na gCopaleen' (*BB*, 3) atá i gceist le *BB*. Is den chur chuige aorach é an scaradh seo, nó is den aoir é go dtugann an t-aorthóir faoi bhailíocht ábhair – go ndéanann sé ceap na

haoire féin a shéanadh. Is cosúil an méid seo le dícheangal, nó trí ghníomh an tséanta is amhlaidh a léiríonn an t-aorthóir nach mbaineann ábhar na haoire leis féin.

Ní fhéadfaí a rá go bhfuil mórán truamhéala ná mórán féinléirithe i gcuid leabhar Bhriain Uí Nualláin. B'fhéidir, dar ndóigh, nach gá a leithéid d'fhéinléiriú a bheith ar fáil sa scríbhneoireacht choiméideach,[1] ach d'fhéadfaí a áitiú arís anseo gur chuir an Nuallánach achar idir é féin agus an táirgeadh litríochta. Tá seo ag teacht leis an méid atá a fhios againn faoi phearsantacht Uí Nualláin, nó is cosúil gur duine seachantach a bhí ann – mar a deir Cronin (1989: 206) faoi, agus é ag déanamh comparáide idir an Nuallánach agus Breandán Ó Beacháin: 'He [Ó Beacháin] was also more capable than Brian O'Nolan was of the self-revelations and intimacies that are a necessary part of friendship'.

Ar bhealach níos leithne, d'fhéadfaí an scaradh seo a bhrath mar chuid den chur chuige *frith-réaduchtach séantach* .i. cur chuige é sin a théann i ndeabhaidh leis an *cliché* liteartha agus a shéanann dlisteanacht an ghnímh chruthaithigh. D'fhéadfaí, mar an gcéanna, an fórsa séantach seo a áitiú ar bhundamhna an chur chuige liteartha a bhí ag Myles go luath ina ghairm scríbhneoireachta. Is dóigh liom go raibh Terence Brown ag tarraingt ar an phointe seo nuair a scríobh sé:

[1] Féach mar shampla, an méid atá le rá ag Breandán Ó Doibhlin (1997, 36–50) faoi *Cré na Cille*.

> *The Poor Mouth*, in its savage, wildly comic stories, its exaggerations, of the kinds of set pieces and conventions these writings deploy, *brings parody to a point where it preys as a negative energy* [liomsa an bhéim] on the precursor texts, swallowing them up, as it were in a form of literary cannibalism. The anti-novel here becomes a predatory thing, like the monstrous sea-cat that pursues the narrator in one ghastly episode in the book. (Brown 2006: 219)

Tá an *negative energy* nó an 'spionnadh diúltach' ar an ghné lárnach a fheictear dom in *ASTB* agus *BB*. Ní hé amháin go bhfuil séanadh le fáil ann ar chonstráid an úrscéil féin, agus ar chonstráid bhréagach sin na Gaeltachta, ach tá séanadh ann chomh maith leis ar dhlisteanacht an ghnímh chruthaithigh. Faighimid leide ar a leithéid de shéanadh i bpíosa amháin leis ón *Cruiskeen Lawn*, áit ar scríobh sé:

> What one might call the pathology of literature is a subject that a person with education and intelligence should examine. What prompts a sane inoffensive man to write? Assuming that to 'write' is mechanically to multiply communication … what vast yeasty eructation of egotism drives a man to address simultaneously a mass of people whom he has never met and who may resent being pestered with his 'thoughts'? They don't have to read what he

> writes, you say. But they do.That is, indeed, the more vicious neurosis that calls for investigation. (na Gopaleen, 1968: 237)

I dtaca leis an amhras a bhí ar an Nuallánach maidir le tábhacht an féinléirithe, is suntasach gur 'fear eagair' é Myles na Gopaleen ar *BB*. Mar eagarthóir, tá an Nuallánach/na gCopaleen ag séanadh gur cumadóireacht bhunúil atá sa tsaothar. Ar leibhéal amháin, d'fhéadfaí seo a léamh mar ráiteas ar intuarthacht agus ar thipiciúlacht na ndírbheathaisnéisí Gaeltachta, nó bhí sé amhrasach go leor faoi bhunúlacht na saothar sin,[2] rud atá á léiriú sa ráiteas sin aige 'The veneration of folk "culture" norms, whether of story or song, as repositories of national treasure is ludicrous: inasmuch, of course, as they are international and universal. Indian, Icelandic and Kerry peasants will bore you with identical "stories" ' [*Cruiskeen Lawn* 23-10-1944] (Mac Annaidh 2011: 47). Bhí an róbhéim ar an bhéaloideas agus an easpa bunúlachta ina dtéamaí ag lucht critice na Gaeilge ó bhí tús an chéid ann, am ar scríobh an Piarsach

> We would have every young writer remember that his first duty is to be unafraid. If he has a message to deliver to the world, let him speak out: and that his message is one that has not hitherto been delivered in

[2] Ar mhaithe le cur síos cuimsitheach ar anáil na saothar sin in *BB*, féach Ó Conaire (1986: 120–216).

> Irish should not deter him, but rather urge him on. (Ó Háinle 1979: 18–19)

Ocht mbliana is fiche i ndiaidh fhoilsiú *BB*, bhí Máirtín Ó Cadhain ag tarraingt in athuair ar cheist seo na heaspa cruthaitheachta i bpróslitríocht na Gaeilge in *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca* (1969) Is cinnte, mar sin, go bhféadfaí *BB* a shuí sa dioscúrsa inmheánaithe sin ar cheist na cruthaitheachta i bpróslitríocht na Gaeilge san fhichiú haois,[3] ach is féidir, agus is cóir, dar liom é a shuí chomh maith i gcomhthéacs shaothar uile Bhriain Uí Nualláin.

Tá go leor eachtraí in *ASTB* a thugann léargas dúinn ar an luí seo ag Ó Nualláin in éadan dhlisteanacht a phróisis chruthaithigh. Orthu seo, tá an t-éigniú a dhéanann Dermot Trellis ar dhuine de na carachtair ina leabhar .i. Sheila Lamont. B'fhéidir go bhféadfaimis an t-éigniú seo a léamh mar ghníomh siombalach a léiríonn an drochamhras a bhí ar Ó Nualláin faoin bhunús atá leis an bheart chruthaitheach, agus faoin toradh a bhíonn air. I ndeireadh báire, is é an páiste suirí neamhdhlisteanach Orlick a gineadh ón chomhriachtain sin, agus déanann sé aimhleas a athar, an t-údar Dermot Trellis. Tá dealán dóchais do na carachtair in aimhleas seo Trellis, nó is scríbhneoir é Orlick, agus éiríonn leis féin agus na carachtair eile iad féin a shaoradh go cionn tamaill ón ghéibheann inar chuir Trellis iad. Is é an bealach a ndéanann siad seo ná go gcuireann Orlick a athair isteach

[3] Ar an ábhar seo, féach fosta Titley (1996: 33–55).

mar charachtar i leabhar dá chuid féin, rud a fhágann gan toil shaor é ar feadh go leor den lá. Is saothar in aisce é sa deireadh, áfach, nó saortar Trellis nuair a dhónn Teresa na páipéir ina raibh leabhar Orlick scríofa.

Mar an gcéanna, tá cúrsaí giniúna agus tuismithe faoi chaibidil in *BB* nuair a bhíonn Bónapárt ag caint ar a bhreith:

> Ní cuimhneach liom go fírinneach an lá a rugadh mé ná aon chuid den chéad leathbhliain a chaitheas abhus ar an saol seo, ach gan amhras bhíos i mo bheatha go cinnte san aimsir sin, cé nach bhfuil aon chuimhne agam uirthi óir ní bheinn anois ann ach go rabhas an uair sin ann … Ní raibh aon choinne ag m'athair liom óir duine cneasta a bhí ann, agus ní go róchruinn a thuig sé cúrsaí an tsaoil … Dúirt na daoine freisin nach raibh aon choinne ag mo mháthair liom, agus ina theannta sin is fírinneach go raibh sé ráite os íseal nach le mo mháthair a rugadh mé ach le bean éigin eile. (*BB,* 9-10)

Tá amhras ann, mar sin, faoi ghinniúint Bhónapáirt, agus, dála Orlick Trellis, tógtar ceisteanna chomh maith maidir lena bhailíocht eiseach, maidir lena indibhidiúlacht agus maidir lena dhaonnacht. Mar a bhíonn le hOrlick, tá sé sa chinniúint ag Bónapárt slí a athar a leanstan, agus gearrtar an téarma céanna príosúnachta, 29 bliain, orthu beirt.

Is léir in *BB* go bhfuil déscaradh ann idir an tuiscint a bhí ag an Nuallánach ar chúinsí maireachtála na Gaeltachta agus

an bhréagthuiscint réaduchtach a bhí ag na Gaeilgeoirí ar na cúinsí sin. Is amhlaidh a chruthaíonn an déscaradh seo talamh críche nó idirchríoch ina mbíonn na carachtair ag longadán idir dhá bheith, mar a bhí Suibhne sna crainn in *ASTB* 'listening on the branch, a huddle between the earth and heaven' (314). Ar láimh amháin, bíonn na carachtair in *BB* ag feidhmiú de réir na cinniúna faoi mar a leagadh sin amach dóibh sna dea-leabhair, ach tá siad lán-chomhfhiosach san am céanna ar an chruatan atá i ndán dóibh, agus ciall fhorbartha acu ar an chruatan chéanna sin. Tá léiriú ar an méid seo le fáil nuair a fhaigheann Lánárdó Ó Cúnasa agus Nábla beirt bás ar an lá céanna. Níl aon ghreann anseo, agus labhraíonn Bónapárt go díreach leis an léitheoir:

> Sin chugat, a léitheoir, faisnéis ar shaol na mbochtán Gaelach i gCorca Dorcha agus cuntas ar an chinniúint atá rompu ón chéad lá. Tar éis an chéilí mhóir tig an dúbhrón, agus ní go seasmhach a mhaireann an dea-uain. (*BB*: 76)

Téann an machnamh fealsúnach seo ag Bónapárt go dtí leibhéal eiseach nuair a cheistíonn sé a fhéiniúlacht dhaonna, ag cur na ceiste sin ar an tSeanduine Liath: 'an bhfuilir cinnte gur daoine iad na Gaeil?' (*BB,* 90). Ar an phointe seo luann an Seanduine Liath gur gairid go bhfása cosa ar mhuintir Chorca Dhorcha ar nós na lachan le go mbeadh a gcolainn níos fóirsteanaí don tsíordhíle, agus gur baol go gcaillfidh siad a ndaonnacht dá bharr sin.

Trí *BB* ar fad, déanann an t-údar an teorainn idir ainmhithe agus daoine a dhoiléiriú: cuirtear i gcéill don chigire, mar shampla, agus don bhailitheoir béaloidis gur daoine iad na bainbh, bíonn cónaí ar na hainmhithe sa teach, agus cuirtear tréithe daonna i leith Charlie, an capall, agus i leith Ambróis, an mhuc. Ba thréith aitheanta de chuid na haoire sa traidisiún Ghaelach an chomparáid seo idir daoine agus ainmhithe, agus cuireann Ó Nualláin an tseift seo i bhfeidhm le ceist a ardú faoi stádas daonna na gcarachtar sa leabhar, faoin chumas dhaonna atá iontu bheith ag gníomhú go neamhspleách. D'fhéadfaí an tseift seo – an cur trí chéile a dhéanann sé idir ainmhithe agus daoine – a áireamh mar ghné den chur chuige frithréaduchtach cur-as-riochtach a chleacht an Nuallánach trína tháirgeadh liteartha uilig. B'fhurasta, cuirim i gcás, an tseift chéanna a aithint arís in *TP* sa chlaochlú a tharlaíonn idir daoine agus rothair nuair a chaitheann siad barraíocht ama i dteagmháil le chéile, ach is dóigh liom gur in *ASTB* a fheictear an coincheap seo á léiriú de chéaduair.

Tá a leithéid, cuirim i gcás, le sonrú i gcuid den chur síos a dhéanann sé ar Fhionn:

> The arms to him were like the necks of beasts, ball-swollen with their bunched up brawnstrings and blood-veins … Each thigh to him was to the thickness of a horse's belly, narrowing to a green-veined calf to the thickness of a foal. (*ASTB*: 18)

Tá sé maíte ag Kiberd (2000: 506) go ndearnadh an cur síos sin ar Fhionn mar fhathach faoi thionchar Joyce, agus luann sé go sonrach na sleachta sin in *Ulysses* ar an Chioclóp mar fhoinse dó seo. B'fhéidir go bhfuil bun leis an méid sin ag Kiberd, ach ba dheacair an cás céanna a dhéanamh don chur síos a dhéanann Fionn féin ar an chruatan a bhí le fulaingt ag Clann Lir agus ag Suibhne de bharr spadhar na scéalaithe:

> Who could think to turn the children of a king into white swans with the loss of their own bodies … changing the fat white legs of a maiden into plumes and troubling her body with shameful eggs? Who could put a terrible madness on the head of Sweeney … to make him live in tree-tops and roost in the middle of the yew … without company of women or strains of harp-pluck, with no feeding but stagfood and the green branches? Who but a storyteller? (*ASTB*: 25)

Dar le Fionn, is í tíorántacht chruálach na scéalaithe a thugann ar na carachtair a bheith ag fulaingt na hanachaine, agus tá an méid sin ag teacht go maith le ráiteas cáiliúil sin an reacaire in *ASTB* ina dtugann sé a leagan amach ar nádúr an úrscéil:

> It was undemocratic to compel characters to be uniformly good or bad or poor or rich. Each should be allowed a private life, self-determination and a decent

> standard of living … Characters should be interchangeable as between one book and another. The entire corpus of existing literature should be regarded as a limbo from which discerning authors could draw their characters as required, creating only when they failed to find a suitable existing puppet. The modern novel should be largely a work of reference. Most authors spend their time saying what has been said before – usually said much better. A wealth of references to existing works would acquaint the reader instantaneously with the nature of each character, obviate tiresome explanations and would effectively preclude mountebanks, upstarts, thimbleriggers and persons of inferior education from an understanding of contemporary literature.(*ASTB*: 25)

Tá go leor de *ASTB* bunaithe ar an idirmhalartú carachtar: tagann Suibhe, Fionn agus Conán Maol isteach sa scéal chéanna leis an Phúca, na buachaillí bó, Jem Casey (the poet of the Pick) agus go leor eile. Déanann Furriskey, carachtar a saolaíodh trí 'aestho-autogamy'(*ASTB*, 40), ceannairc in éadan an údair anseo, agus éiríonn leis Sheila Lamont a shaoradh ón chinniúint atá beartaithe di ag an údar tíoránta, Dermot Trellis. Is ceannairc in éadan na cinniúna liteartha – in éadan an anáis, an chruatain agus an dobróin – a dhéanann Bónapárt chomh maith in *BB* nuair a thógann sé an t-ór as cruach an ocrais, ach ní éiríonn lena cheannairc, mar is amhlaidh a mhéadaíonn ar a fhulaingt dá bharr sin nuair a

chiontaítear é as an dúnmharú. Má bhí dóchas éigin ann in *ASTB* go dtiocfadh leis na carachtair cur in éadan thiorántacht an steiréitíopa, is lú an dóchas atá ann maidir leis seo in *BB*, nó is mó a dhaingníonn gníomh easumhal Bhónapáirt é dá chinniúint réamhbheartaithe féin i ndeireadh báire. Má tá dóchas ar bith ann go mbrisfí an slabhra seo, tá an dóchas sin ceannaithe go daor le bás mhic Bhónapáirt – má tá Lánardó marbh, ní bheidh an chinniúint chruatanach chéanna le fulaingt aige is a bhí ag a athair agus ag a sheanathair.

Maidir le ceannaircí na gcarachtar in *ASTB* agus *BB*, is cleas é seo ag an Nuallánach le baint faoi dhlisteanacht mhúnla an fhicsin, agus le baint faoi dhlisteanacht an ghnímh chruthaithigh féin. Tá fuinneamh treascrach diúltach den chineál chéanna á chur i bhfeidhm aige ar an teanga féin sa dá leabhar sin *BB* agus *ASTB*. Cuireann sé an saobhadh seo i bhfeidhm ar leibhéil éagsúla, ag cur fhriotal na teanga féin chun saorgachta, ag baint úsáide as friotal a thuigeann an léitheoir ar láimh amháin ach nach bhfuil ag teacht le dul na teanga san am chéanna. In *BB* tá seo le fáil i macasamhail na bhfrásaí 'a chneastáin óig' (91), 'táir críonna i do mhionóige duit' (27), 'cró beag mímhaisiúil' (24), 'líofacht na fearthainne' (56), 'céasadh spéire' (91) agus sa ráiteas sin ag an Seanduine Liath faoi Shitric bocht Ó Sánasa a bheith ag ól na fearthainne: 'Is blasta an braon más neamhoiliúnach' (78). Sna samplaí seo, tá an teanga á cur as a riocht aige ar mhaithe le héifeacht, dul an Bhéarla fágtha uirthi gan amhras, agus brúnn sé réimse séimeantach an Bhéarla mar an

gcéanna go dtí críocha na céille agus níos faide in *ASTB* le leithéidí 'wrapping the feeble citadel of my body' (*ASTB*, 46), 'a weighty pendulum of mixed coins' (51), 'enteric evacuation' (69), 'a civil cavatina' (1), 'hedge-pleasure in the pale starlight' (53), 'leper's death-puke' (254). Ní thagann aon cheann de na samplaí sin den réim aisteach teanga ó na codanna de *ASTB* a bhaineann le Fionn agus Suibhne, ach is cosúil go bhféadfaí tionchar *Silva Gadelica* le Standish Hayes O'Grady a áireamh sa dá chomhfhocal aduain sin 'hedge-pleasure' agus 'death-puke'.[4] Is sa dá chuid sin den scéal ar Fhionn mac Cumhail agus ar Shuibhne in *ASTB* a gheibhtear an réim teanga is aistí sa leabhar, mar shampla, sa chur síos ar Fhionn, deir sé:

> The neck to him was as the bole of a great oak, knotted and seized together with muscle-humps and carbuncles of tangled sinew, the better for good feasting and contending with the bards. The chest to him was wider than the poles of a good chariot, coming now out, now in, and pastured from chin to navel with meadows of black man-hair and meated with layers of fine man-meat the better to hide his bones and fashion the semblence of his twin bubs. (*ASTB*: 18)

[4] Ar mhaithe le tionchar na n-aistriúchan in *Silva Gadelica* ar na codanna seo den leabhar, féach Ó Háinle (1997: 24–5).

Sa chuid sin den scéal ina n-insíonn Fionn leagan de *Buile Shuibhne*, tá an cineál céanna réime ann, mar shampla:

> Linchehaun went seeking him in the glen with shouts and found toe-tracks by the stream-mud where the madman was wont to appease himself by the eating of cresses … Linchehaun hastened to his thorn-packed flank with fetters and handcuffs and manacles and locks and black-iron chains and he did not achieve a resting until the lot were about the madman, and through him and above him and over him, roundwise and about. (*ASTB*: 96–98)

Ar leibhéal amháin, tá an greann le fáil anseo i bhféith na háiféise .i. go mbíonn duine daonna cromtha sa láib ag ithe biolair, agus go bhfuil fionnadh Fhinn cosúil le machaire féir. An té a bhfuil cur amach aige ar theanga agus ar litríocht na Gaeilge, áfach, bhéarfadh sé faoi deara gur aistriúcháin iad 'the neck to him' agus 'the chest to him' bunaithe, ar bhealach inteacht, ar úsáid na réamhfhocal sa Ghaeilge agus thuigfeadh sé chomh maith gurbh fhearr a d'fhóirfeadh 'his neck' agus 'his chest' mar aistriúcháin bheachta ar an dá rud sin, agus gurbh fhearr an Béarla é 'he did not rest' ná 'he did not achieve a resting'. Is rud é, áfach, gur bréagaistriúcháin nó, mar a thug Ó Háinle (1997: 25) orthu, 'pseudo-literalisms' na samplaí atá luaite thuas. Tá an cleas céanna, agus an cur chuige meitea-theangeolaíoch céanna le feiceáil in *BB*, nuair a luaitear go bhfuil Micheálangaló 'sa chrúiscín', agus nuair a

dhéanann Ochtar Fear iarracht an cor ochtar a dhamhsa leis féin (*BB* 12; 50-1).

Tá sé aitheanta ag Ó Háinle go raibh Ó Nualláin ag déanamh magaidh ar an stíl bhladhmannach mhórfhoclach aistriúcháin a chleacht Standish Hayes O'Grady in *Silva Gadelica*. Mar sin, is ag déanamh aoir ar léiriú Uí Ghráda ar na buntéacsanna atá an Nuallánach go príomha in *ASTB,* seachas ar na buntéacsanna féin i ndáiríre. D'fhéadfaí a áitiú gurbh é an cur chuige céanna a bhí aige in *BB*, sa mhéid nach raibh sé ag déanamh eala mhagaidh de mhuintir na Gaeltachta féin, ach de na daoine a raibh tuiscint shaobhchiallda acu ar an Ghaeltacht. Mar sin, má tá cáineadh ar bith ar Éirinn a linne le sonrú i scríbhneoireacht Uí Nualláin – agus ní bheinn ag glacadh leis go bhfuil– b'fhéidir go bhfuil an cáineadh sin lonnaithe sa dóigh ar chuir sé in éadan an athchruthaithe a bhí á dhéanamh ar thraidisiúin na hÉireann. Cur in éadan na réaduchtachta, cur in éadan an tsimplithe agus cur in éadan na saorgachta agus na stéiréitipiciúlachta a bhí anseo.

Is cuí, is dóigh liom, an páipéar gairid seo a chríochnú ar an dóigh chéanna ar chríochnaigh *ASTB*, ag caint ar nádúr na fírinne – ach gur nádúr na fírinne mar a thuigtear sin as *ASTB* agus *BB* atá i gceist agam anseo. Dar leis an Nuallánach (*ASTB,* 216), b'uimhir chorr í an fhírinne seachas ré-uimhir – is é sin go bhfuil fírinne (agus daonnacht) sa rud atá neamhchothrom, neamhfhoirfe, neamhghnách seachas sa rud atá simplí, saorga, snasta, rialta. Tógann *BB* ar théama seo na frith-réaduchtachta a tháinig chun cinn in *ASTB*, ag

forbairt an phlé ar an tsaorgacht agus ar an chruthaitheacht le go mbeadh sé ina ghléas le cáineadh a dhéanamh ar aimride litríocht chomhaimseartha na Gaeilge. Is domhan liteartha neamhbheo atá cruthaithe ag an Nuallánach sa dá shaothar seo– ní ghintear agus ní thuismítear rud ar bith ann, agus níl fíordhuine daonna beo ann. Chuige seo, is féidir linn an nathán sin 'ní bheidh mo leithéid arís ann' a léamh go híorónta, nó fágtar in amhras muid gur mhair a leithéid riamh ann i ndáiríre.

NODA

BB: na Gopaleen, M. (1941 (athchló 1999)) *An Béal Bocht: nó an Milleánach: drochscéal ar an drochshaol*. Corcaigh: Mercier Press.

ASTB: O'Brien, F. (1960) *At Swim-Two-Birds*. Londain: MacGibbon & Kee.

TP: O'Brien, F. (1967) *The Third Policeman*. Londain: MacGibbon & Kee.

LEABHARLIOSTA

Brown, T. (2006) *The Cambridge Companion to The Irish Novel.* Cambridge: Cambridge University Press.

Cronin, A. (1989) *No Laughing Matter: the life and times of Flann O'Brien*. Baile Átha Cliath: New Island.

de Paor, L. (2004) 'An tSídheoig is an Scian Dochtúra: Flann O'Brien agus Seanlitríocht na Gaeilge' in: Carey, J.,

Herbert, M., agus Murray, K., *Cín Chille Cúile: Texts, Saints and Places: Essays in Honour of Pádraig Ó Riain.* Celtic Studies Publications IX. Aberystwyth: Celtic Studies Publications, 64–75.

Hogan, T. (1946) 'Myles na gCopaleen' in *The Bell* 13/2, 129-40.

Hopper, K. (1995) *Flann O'Brien: A Portrait of the Artist as a Young Post-modernist*. Corcaigh: Cork University Press.

Kiberd, D. (2000) *Irish Classics*. Londain: Granta Books.

Mac Annaidh, S. (2011) 'Myles na Gopaleen—an muidne na Seandaoine Liatha?'. In *Comhar* 71/12, 45–9.

na Gopaleen, M. (O'Nolan, K. eag.), (1968) *The Best of Myles*. Nua-Eabhrac: Walker & Co.

Ó Cadhain, M. (1969) *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

Ó Conaire, B. (1986) *Myles na Gaeilge – Lámhleabhar ar Shaothar Gaeilge Bhrian Ó Nualláin.* Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

Ó Doibhlin, B. (1997) *Aistí Critice agus Cultúr II*. Béal Feirste: Lagan Press.

Ó Háinle, C. (1979) *Gearrscéalta an Phiarsaigh.* Baile Átha Cliath: Cló Thalbóid.

Ó Háinle, C. (1997) 'Fionn and Suibhne in *At Swim-Two-Birds*' in: Hurson, T. agus Clune, A., *Conjuring Complexities: Essays on Flann O'Brien*. Béal Feirste: Institute of Irish Studies, 17-36.

Titley, A. (1996) *Chun Doirne: Rogha Aistí*. Béal Feirste: Lagan Press.